Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

**PREASEISIÚINT Uimh. 28/22**

Lucsamburg, an 16 Feabhra 2022

Breithiúnais i gcásanna C-156/21 An Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle
agus C-157/21 an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle

## Bearta chun buiséad an Aontais a chosaint: diúltaíonn an Chúirt Bhreithiúnais, ag suí mar Chúirt iomlán, do na hachomhairc arna dtionscnamh ag an Ungáir agus ag an bPolainn i gcoinne an tsásra coinníollachta a chuireann leas an mhaoinithe ó bhuiséad an Aontais faoi réir phrionsabal an smachta reachta a bheith á gcomhlíonadh ag na Ballstáit.

*Glacadh an sásra sin ar bhunús dlí leordhóthanach, tá sé ag luí leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE agus urramaítear go háirithe teorainneacha na n-inniúlachtaí a shanntar don Aontas mar aon le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.*

An 16 Nollaig 2020, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Rialachán[1] lena mbunaítear córas coinníollachta ginearálta chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ceadaíonn an rialachán don Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta cosanta a ghlacadh amhail íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais a chur ar fionraí nó formheas clár amháin nó níos mó a chumhdaítear leis an mbuiséad seo a chur ar fionraí.[2]

Thug an Ungáir agus an Pholainn achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais araon á iarraidh go ndéanfaí an Rialachán sin a neamhniú. Bunaítear a gcaingne faoi seach *inter alia* ar an easpa bunús dlí iomchuí i gConarthaí AE agus an FAE, ar theacht timpeall an nóis imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE [3], ar chumhachtaí iomarcacha an Aontais agus ar shárú an phrionsabail deimhneacht dhlíthiúil. Mar thaca lena n-argóint, rinne an Ungáir agus an Pholainn tagairt do **thuairim rúnda ó Sheirbhís Dlí na Comhairle** maidir leis an togra tosaigh ba bhun leis an rialachán, a **cheadaigh an Chúirt**, in ainneoin agóidí na Comhairle, ar mhaithe le **leas sáraitheach poiblí maidir le trédhearcacht an nós imeachta reachtaigh.**

Sa dá chás sin, thacaigh an Ungáir agus an Pholainn lena chéile, agus rinne an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Coimisiún idiragairt chun tacú leis an bParlaimint agus leis an gComhairle. Arna iarraidh sin ón bParlaimint, dhéileáil an Chúirt leis na cásanna seo faoin nós imeachta brostaithe. Ina theannta sin, sannadh na cásanna seo don Chúirt iomlán, i bhfianaise bhuntábhacht na ceiste a ardaítear leo maidir leis na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil faoi na Conarthaí chun a chumasú don Aontas a bhuiséad agus a leasanna airgeadais a chosaint ina aghaidh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit.

Cinneann an Chúirt, ar an gcéad dul síos, maidir le bunús dlí an rialacháin, nach féidir an nós imeachta dá bhforáiltear leis an rialachán a thionscnamh ach amháin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a mheas, ní hamháin go bhfuil sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta ar siúl i mBallstát, ach thar aon rud eile go ndéanann na sáruithe sin dochar nó a chruthaíonn baol tromchúiseach go ndéanfaí dochar do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint a leasanna airgeadais, ar bhealach sách díreach. Ina theannta sin, ní fhéadfar a ghlacadh

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 16 Nollaig 2020, maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
[2] Mar sin féin, cosnaíonn an Rialachán, i gcásanna den sórt sin, leasanna dlisteanacha na bhfaighteoirí deiridh agus na dtairbhithe.
[3] Foráiltear le hAirteagal 7 CAE don fhéidearthacht imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit i gcás sárú tromchúiseach ar luachanna an Aontais nó i gcás riosca soiléir a bheith ann go ndéanfaí sárú den sórt sin.

faoin Rialachán ach bearta a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus a theorannaíonn an maoiniú ón mbuiséad sin de réir an tionchair a bheadh ag an dochar nó riosca tromchúiseach dochar air. Dá bhrí sin, **is é is aidhm don rialachán buiséad an Aontais a chosaint ar ionsaithe a eascraíonn ar bhealach sách díreach ó sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus gan pionós a ghearradh, iontu féin, ar sháruithe den sórt sin**.

I dtaca leis sin, meabhraíonn an Chúirt **go n-urramaíonn na Ballstáit na comhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, atá sainaitheanta agus comhroinnte acu agus a shainíonn féiniúlacht an Aontais mar ord dlíthiúil is coiteann do na Stáit sin [4], ina bhfuil an smacht reachta agus an dlúthpháirtíocht údar le muinín fhrithpháirteach eatarthu. Ós rud é gur coinníoll é go n-urramóidh Ballstát na comhluachanna sin chun na cearta go léir a eascraíonn as cur i bhfeidhm na gConarthaí ar Bhallstát a theachtadh**, **ní mór don Aontas a bheith in ann**, laistigh de theorainneacha a chumhachtaí,, **na luachanna sin a chosaint**.

Soiléiríonn an Chúirt ar an bpointe seo, ar thaobh amháin, nach féidir **urraim do na luachanna sin a laghdú chuig oibleagáid atá de cheangal ar Stát is iarrthóir chun aontú** don Aontas Eorpach agus a d'fhéadfadh sé éalú ón oibleagáid sin tar éis an aontachais. Ar an taobh eile, cuireann an Chúirt in iúl go bhfuil **buiséad an Aontais ar cheann de na príomhionstraimí lena gcumasaítear prionsabal na dlúthpháirtíochta** idir na Ballstáit, agus go bhfuil cur chun feidhme an phrionsabail seo, tríd an mbuiséad, bunaithe ar an muinín fhrithpháirteach in úsáid fhreagrach na n-acmhainní comhchoiteanna a iontráladh sa bhuiséad sin.

Mar sin féin, **féadfar bainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais a chur i mbaol go mór trí sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta a dhéantar i mBallstát.** D'fhéadfadh sé a bheith de thoradh ar na sáruithe sin, *inter alia*, nach bhféadfaí a ráthú go gcomhlíonfadh caiteachas atá cumhdaithe ag buiséad an Aontais na coinníollacha maoinithe go léir a leagtar síos le dlí AE agus, dá bhrí sin, go gcomhlíonfadh na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas agus an caiteachas sin á maoiniú aige.

Dá bhrí sin, féadfaidh **"sásra coinníollachta"** cothrománach, amhail an ceann a bhunaítear leis an Rialachán, a chuireann de choinníoll le maoiniú a fháil ó bhuiséad an Aontais go gcomhlíonfaidh Ballstát prionsabail an smachta reachta, **faoi raon feidhme an inniúlacht a thugtar don Aontas leis na Conarthaí chun "rialacha airgeadais" a bhunú a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais**.

Thairis sin, cinneann an Chúirt **nach dtéann an nós imeachta a bhunaítear leis an rialachán timpeall ar an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE agus go n-urramaíonn sí teorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas.**

Is é cuspóir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE cead a thabhairt don Chomhairle smachtbhanna a chur ar sháruithe tromchúiseacha agus leanúnacha ar na comhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus lena sainítear a féiniúlacht, d'fhonn, go háirithe, a cheangal don Bhallstát lena mbaineann deireadh a chur leis na sáruithe sin. Ar an taobh eile, tá sé mar aidhm ag an Rialachán buiséad an Aontais a chosaint, agus sin amháin i gcás sárú ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát a dhéanann dochar nó a chruthaíonn baol tromchúiseach go ndéanfaí dochar do bhainistiú fónta airgeadais an bhuiséid sin. Dá bharr sin, **saothraítear aidhmeanna éagsúla leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 7 CAE agus a bhunaítear leis an Rialachán agus tá cuspóir ar leith acu**.

Ina theannta sin, ós rud é nach gceadaítear leis an Rialachán don Choimisiún agus don Chomhairle scrúdú a dhéanamh ach amháin ar chásanna nó ar iompraíocht atá inchurtha i leith údaráis Ballstáit agus a ndealraíonn sé go bhfuil siad ábhartha chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gceart, **ní sháraíonn na cumhachtaí a thugtar do na hinstitiúidí sin leis an Rialachán teorainneacha na n-inniúlachtaí a shanntar don Aontas.**

---

[4] Áirítear le luachanna bunaidh an Aontais agus is coiteann do na Ballstáit, atá in Airteagal 2 CAE, iad siúd a bhaineann le meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, i sochaí arb é is príomhthréith di neamh-idirdhealú, ceartas, dlúthpháirtíocht agus comhionannas idir mná agus fir.

Thairis sin, maidir le hargóint na hUngáire agus na Polainne ag líomhain sárú ar phrionsabal na **deimhneachta dlíthiúla,** go háirithe sa mhéid nach sainítear an rialachán an coincheap de "smachta reachta" ná a phrionsabail, rialaigh an Chúirt go bhfuil na prionsabail atá leagtha amach sa Rialachán, mar chomh-eilimintí den choincheap sin [5], forbartha go soiléir ina chásdlí, go bhfuil na prionsabail sin fréamhaithe i **gcomhluachanna arna n-aithint agus á gcur i bhfeidhm freisin ag na Ballstáit** ina gcórais dlí féin agus go dtagann siad ó **choincheap na "smachta reachta" a roinneann na Ballstáit** agus a gcloíonn siad leis, mar luach is coiteann dá dtraidisiúin bhunreachtúla. Dá bhrí sin, measann an Chúirt go bhfuil **na Ballstáit in ann an t-inneachar bunriachtanach chomh maith leis na ceanglais a eascraíonn as gach ceann de na prionsabail sin a chinneadh le beachtas leordhóthanach**.

Ina theannta sin, rialaigh an Chúirt go n-éilíonn an Rialachán, chun na bearta cosanta dá bhforáiltear ann a ghlacadh, go mbunófar **fíornasc** idir sárú ar phrionsabal an smachta reachta agus dochar nó baol tromchúiseach go ndéanfaí dochar do bhainistíocht fhónta airgeadais an Aontais nó dá leasanna airgeadais agus nach mór go mbaineann sárú den sórt sin le **staid** nó le **hiompraíocht** atá inchurtha i leith údaráis Ballstáit agus atá **ábhartha do chur chun feidhme cuí bhuiséad** an Aontais. Shoiléirigh an Chúirt go **sonraítear an coincheap "baol tromchúiseach" i rialacha airgeadais** an Aontais agus rialaigh sí nach mór na **bearta cosanta** a fhéadfar a ghlacadh a bheith **comhréireach go docht le tionchar** an tsáraithe a aimsítear ar bhuiséad an Aontais. Go háirithe, de réir na Cúirte, ní fhéadfaidh na bearta sin díriú ar ghníomhaíochtaí agus ar chláir seachas iad siúd a ndéanann sárú den sórt sin ach a mhéid is fíor-riachtanach chun an cuspóir maidir leis an **mbuiséad a chosaint ina iomláine a bhaint amach**. Ar deireadh, ag tabhairt dá haire nach mór don Choimisiún, faoi rialú bhreithiúnacht an Aontais Eorpaigh, **diancheanglais nós imeachta** lena ngabhann *inter alia* **roinnt comhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann**, rialaigh an Chúirt go **gcomhlíonann an rialachán ceanglais phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla**.

Sna himthosca seo, **dhiúltaigh an Chúirt do na hachomhairc arna dtionscnamh ag an Ungáir agus ag an bPolainn ina n-iomláine**.

---

**TABHAIR FAOI DEARA:** Tá sé mar aidhm ag an gcaingean le haghaidh neamhniú gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais atá contrártha do dhlí an Aontais a chur ar neamhní. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh Ballstáit, institiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. Má tá foras ar fónamh leis an gcaingean, déantar an gníomh a neamhniú. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear de bharr neamhniú an ghnímh a leigheas.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán agus na hachoimrí ar na breithiúnais (C-156/21 agus C-157/21) ar shuíomh CURIA lá an fhógartha.*

*Uimhir theagmhála don phreas: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355*

*Tá pictiúir de léamh na mBreithiúnas ar fáil ar "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106.*

[5] De réir an rialacháin, clúdaíonn an coincheap sin prionsabal na dlíthiúlachta, a fhorálann go bhfuil próiseas reachtach trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch ann, chomh maith le deimhneacht dhlíthiúil, toirmeasc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin, cosaint éifeachtach bhreithiúnach, lena n-áirítear rochtain ar cheartas, ag cúirteanna neamhspleácha agus neamhchlaonta, agus freisin maidir le cearta bunúsacha; scaradh cumhachtaí; agus neamh-idirdhealú agus comhionannas faoin dlí.